

Aguisín 3: Prótacal a údaraíonn beart láithreach

Leis na prótacail seo a leanas, údaraítear beart láithreach faoi alt 7.2 de na 'Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017'.

Bunscoileanna seachas bunscoileanna atá faoi phátrúnacht BOO

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, má éilíonn na cúinsí, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun leanaí na scoile a chosaint, tá d'údarás ag cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ó údarás na scoile a rá le fostaí gan bheith i láthair na scoile gan pá a chailleadh go dtí go measfaidh an fostóir an cás. Is an-tábhachtach a shonrú gur aidhm réamhchúraim atá ag an mbeart faoin bprótacal seo seachas aidhm smachta. Is beart eatramhach é an beart faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir cinneadh faoin gcás.

Iarrfar ar an bhfostaí teacht chuig cruinniú le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus is é an fheidhm leis an gcrúinniú a chur in iúl don fhostaí faoin líomhain agus faoin mbeart atá le déanamh. D'fhéadfadh duine cuí, a roghnóidh sé/sí féin, a bheith in éineacht leis an bhfostaí, rud a chuirfear in iúl dó/di.

Ar aon chaoi, cuirfear in iúl don fhostaí i bhfoirm scríofa.

Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta taifead den chruinniú fosta agus coinneofar é ar an gcomhad cáis bainteach.

Iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna atá faoi phátrúnacht BOO

(A) I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, má éilíonn na cúinsí, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun leanaí na scoile a chosaint, tá d'údarás ag cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ó údarás na scoile a rá le fostaí gan bheith i láthair na scoile gan pá a chailleadh go dtí go measfaidh an fostóir an cás. Is an-tábhachtach a shonrú gur aidhm réamhchúraim atá ag an mbeart faoin bprótacal seo seachas aidhm smachta. Is beart eatramhach é an beart faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir cinneadh faoin gcás.

Iarrfar ar an bhfostaí teacht chuig cruinniú le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus is é an fheidhm leis an gcrúinniú a chur in iúl don fhostaí faoin líomhain agus faoin mbeart atá le déanamh. D'fhéadfadh duine cuí, a roghnóidh sé/sí féin, a bheith in éineacht leis an bhfostaí, rud a chuirfear in iúl dó/di.

Ar aon chaoi, cuirfear in iúl don fhostaí i bhfoirm scríofa.

Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta taifead den chruinniú fosta agus coinneofar é ar an gcomhad cáis bainteach.

(B) I gcás scoile nó coláiste atá faoi choimirce BOO, is é príomhfheidhmeannach an BOO nó duine dar tugadh an t-údarás seo a dhéanfaidh an cinneadh a rá le fostaí gan bheith i láthair sna cúinsí atá leagtha amach ag (A) thuas.